

[06\\_03b.mp3](#)

**Bileog 6.3b**

**Foinse:** RnaG

**Clár:** Blúirín Blasta

**Dáta:** 25 Eanáir 2009

**Intreoir:** Tá Máirín Uí Chomáin ag ullmhú rollaí cabáiste agus mairteola.

**Máirín Uí Chomáin**

Anois, tá babhla anseo agam, agus isteach sa mbabhla seo tá mé ag iarraidh cur mo chuid duilleog(aí) a bheas réitithe agam.

**Bríd Ní Chualáin**

Tá mias réitithe anseo agat, *Pyrex*, agus é gréiscthe (*gréisithe* a deirtear) agat, le hola.

**Máirín Uí Chomáin**

Is ea, agus ansin tá cabáiste anseo agam, féach chomh deas solúbtha is atá siad sin. Agus, ansin gheobhaidh mé iad sin agus cuirfidh mé spúnóg den mheascán isteach anseo, agus rolláil suas go deas é. Agus tá sé chomh héasca é a rolladh mar gheall go bhfuil siad téite.

**Bríd Ní Chualáin**

Tá siad bogtha amach agat ar aon nós, mar gheall ar iad a bheith san uisce.

**Máirín Uí Chomáin**

Is ea, san uisce friochta, is ea.

**Bríd Ní Chualáin**

Is ea, feicim ansin, tá tú díreach dá dtriomú de bheagán leis an . . .

**Máirín Uí Chomáin**

Chun an taiseacht, an t-uisce fuar an gcuimhin leat a chuir muid orthu chun iad a thriomú? Tá mé ag iarraidh iad a thriomú anois, ionas nach mbeidh siad ró-uisciúil. Ní gá é seo a dhéanamh ach is maith liom é mar tá mé in ann iad a láimhseáil níos fearr. Anois, sa meascán seo agam tá oinniún, gairleog, rís chócaráilte (*cócaráilte* a deirtear), piobar agus salann agus rúinín beag *Worcestershire Sauce* agus iad uilig...rolláil suas. Féach ar na rollaí beaga deasa sin.

Anois is féidir leat iad sin a chomhaireamh agus cé mhéad duine atá sa chlann agus rud eile is féidir leat a dhéanamh leo seo nó is féidir leat iad a chur sa reoiteoir, má tá cinn bhreise (*breise* a deirtear) déanta agat. Sin é. Agus, anois, níl le déanamh anseo agam ach anlann beag sciobtha a dhéanamh le cur anuas orthu sin.